Gaelscoil Naomh Pádraig
Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com

21/03/20

Daltaí ag obair ón mBaile: Treoir agus Moltaí do thuistí/chaomhnóirí

A thuismitheoir/chaomhnóir.

Beatha agus sláinte ort! Tá súil againn go bhfuil tú féin agus do pháiste(í) ceart go leor le linn na h-ama seo! Teastaíonn uaim uasdátú a thabhairt duit faoi cá sheasaimid ag an bpointe seo. Táim ag iarraidh treoir níos soiléire a thabhairt duit faoi conas tabhairt faoi tacaíocht a thabhairt ón mbaile. Ag an bpointe seo, tabharfar treoir duit suas go dtí laethanta saoire na Cásca. Déanfaimid athbhreithniú ar seo chomh luath is a dtagann treoir ón Roinn. Tá sé an-tábhachtach go dtuigeann tú mar thuismitheoir/chaomhnóir cá sheasann GSNP maidir le seo.

Táimid an-aireach go bhfuil scéal éagsúla i ngach teaghlach de bharr Covid-19: daoine tar éis/ buartha faoi postanna a chailliúint; beirt tuismitheoirí/tuismitheoir aonar ag obair agus ag iarraidh aire a thabhairt dá bpáistí; tuiste(í) ag obair ón mbaile; fonn ar dhaoine a chlann a chosaint ó Covid-19; gaolta nó cairde tinn de bharr Covid-19 agus go leor eile. De bharr seo, is treoir amháin atá á dtabhairt chun tacú le do pháiste.

Mar scoil, beimid an-soiléir agus cúramach ár ndícheall a dhéanamh gan tuilleadh brú/strios a chur ar ghualainn éinne. Tá go leor áiseanna/aipeanna/nascanna iontacha curtha ar suíomh na scoile (www.gsnp.ie) agus ar an lch instagram (gsnp_lucan) le déanaí.
Ach, cá dtosnaíonn tú?!!

Chuige seo, beidh teachtaireacht ag teacht chugat roimh mhaidin Mháirt le treoir soiléir.

Plean Gearr-thréimhseach (le comhtháthú leis an bplean atá faighte agat ón múinteoir ranga ar an 12 Márta)

Aipeann/Nascanna: Tá an múinteoir ranga ó rang do pháiste chun @ 5 aip/nasc in aghaidh na seachtaine (b'fhéidir go mbeadh an aip céanna ann gach seachtain) a roghnú atá in oiriúint do do pháiste chun treoir soiléir a thabhairt duit. 'Sé an dóchas ná go laighdóidh sé seo an brú agus go dtabharfaidh sé soiléireacht duit re: dén Aipeanna/Nascanna le roghnú

SeeSaw: Tá na páistí ar fad ó R1 - R6 cláraithe ar SeeSaw cheana féin. Tá na múinteoirí chun an fóram seo a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daltaí a rang féin 2/3 uaire in aghaidh na seachtaine. Úsáidfear an áis seo chun: *obair a thabhairt; breathnú ar obair an pháiste; aiseolas ar obair a thabhairt nó teachtaireacht a chur suas don rang*. Níl na ranganna Naíonán cláraithe ar SeeSaw go fóill. Toisc na cúinsí eisceachtiúil, tá sé i gceist na ranganna seo a chlárú. Seolfar e-phost chuig tuistí na naíonán le treoracha. Mar eolas, tá dhá Aip i gceist le SeeSaw: ***(1) SeeSaw Family*** - logáileann tuistí isteach chun féachaint ar obair a bpáistí, agus ***(2) SeeSaw Class*** - úsáideann na páistí é seo chun a obair a chur suas.
Iarrfar ort e-phost a seoladh chuig **oifig.gsnp@gmail.com** muna dtoilleann tú go gclárófar do pháiste ar SeeSaw roimh 18:00 Dé Luain 23 Márta. Tá súil againn SeeSaw a bheith curtha i bhfeidhm do na bunranganna N1 & N2 i lár na seachtaine ar a dhéanaí.

Nodanna & Smaointí don Baile:

Ar bharr na bun-ábhair de: Gaeilge, Béarla agus Mata (lithearthacht agus Uimhearthacht), molaimid do thuismitheoir, ábhar atá so-dhéanta i gcomhthéacs suíomh baile a roghnú. Is féidir leas a bhaint as ár gcúinsí i gcónaí! Is deis é seo oideachais an tsaoil a fhorbairt le do pháiste. Seo a leanas roinnt samplaí/smaointí:

- Bácáil a chleachtadh
- Yóga do pháistí a chleachtadh - don mheabhairshláinte (áiseanna ar líne)
- Gníomhaíochtaí aclaíochta/coirp oideachais a dhéanamh sa ghairdín chúl (áiseanna ar suíomh na scoile @ www.gsnp.ie & ar lch Instagram **gsnp_lucan**)
- Gníomh deas a dhéanamh do do mham/dhaidí/deartháir/deirfiúr in aghaidh an lae sa bhaile
- Teagmháil a dhéanamh le seantuismitheoir ar an nguthán/skype/facetime
- Cluichí boird/cártaí a imirt in éineacht lena chéile sa bhaile
- Bunscileanna sa bhaile a mhúnlú agus a mhúineadh do do pháiste atá in oiriúint dá haois (glasraí a réitiú don dinnéar, maisín níocháin a úsáid, an cistin a ghlanadh, na h-urláir a ghlanadh, na héadaí a shortáil/chrochadh/fhilleadh, an leaba a ghléasadh, féar a ghearradh, fuinneoga a ghlanadh & srl)
- Gníomhaíochtaí ealaíne (líníocht/péinteáil/collage).
- Gníomhaíochtaí ealaíne (Tógáil a dhéanamh le hábhair athchúrsáilte)
- LEGO/bricí agus Míreanna Mearaí a úsáid
- Foghlaim conas cniotáil nó fúáill

Moltaí ginearálta:

- Seasaimid leis an moladh ginearálta méid áirithe ama a chaitheamh ar cheachtanna (m.sh: uair a chloig do R5/R6 in aghaidh an lae, 45 nóiméad do R3/ R4 in aghaidh an lae & srl...). Ach, is díreach treoir atá i gceist anseo. **(Luan - Aoine)**
- Molaimid go mbíonn na páistí ag tabhairt faoin léitheoireacht Ghaeilge agus Béarla go laethiúil (**Gach lá -** fiú más 5 nóiméad Gaeilge & 5 nóiméad Béarla).
- Na páistí a chur ag breathnú ar chlár teilifíse ar TG4 @ 2 uaire in aghaidh na seachtaine (féach ar sceideal na seachtaine do TG4: lig do do pháiste dhá chlár teilifíse a roghnú)
- Tá clár teilifíse a bhaineann le ábhair curaclaim na bunscoile a bheidh á chraoladh ar RTE2 ó 11:00 - 12:00 ó Luan go hAoine ag tosnú Dé Luain 30 Márta. Clúdaíonn sé ábhair churaclaim do ranganna ó R1 - R6. (Bealach so-dhéanta do thuismitheoirí gan mórán brú breise)

Is moladh amháin atá anseo ag braith ar do chúinsí baile féin. Níl éinne ag súil go gcuirfeá tú féin faoi an iomarca bhrú. Tá sé seo rí-thábhachtach! Focal scoir: **Tabhair aire duit féin agus do do mhuintir. Níl aonrud níos tábhachtaí ná seo!**

Le dea-mhéin,

Liam Breathnach (Príomhoide)